Office of the Ombudsman
Oifig an Ombudsman

Office of the Information Commissioner
Oifig an Choimisinéara Faisnéise

Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil
Office of the Commissioner for Environmental Information

Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí
Office of the Commission for Public Service Appointments

Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

# TUARASCÁIL CHORPARÁIDEACH 2016

Clúdaítear sa doiciméad seo Oifig an Ombudsman, Oifig an Choimisinéara Faisnéise (OIC) (a chuimsíonn Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil (OCEI)), an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (SIPOC) agus an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CPSA). Is iad feidhmeanna reachtúla ar leith a chomhlíonann na ceithre oifig. Ullmhaíonn siad a dtuarascálacha reachtúla agus a dtuarascálacha bliantúla féin ar a gcuid oibríochtaí freisin. Chun críocha cuntasaíochta agus tuairiscithe airgeadais, tugtar iad le chéile faoi Vóta amháin, is é sin, Vóta 19.

Is iad Oifigeach Cuntasaíochta agus Foireann Bhainistíochta a bhainistíonn na hoifigí agus a stiúrann a n-oibríochtaí foriomlána. Déanann siad an neamhspleáchas reachtúil agus na feidhmeanna reachtúla atá ag gach ceann de na comhpháirteanna a chosaint agus a chaomhnú ag an am céanna. Tá a bhfoireann féin ag gach oifig ach comhroinntear feidhmeanna airgeadais, acmhainní daonna, dlí, cumarsáide agus teicneolaíochta faisnéise eatarthu.

Ba é €10.1m an leithdháileadh airgeadais faoi Vóta 19 sa bhliain 2016. Den tsuim sin, leithdháileadh €7.4m ar chaiteachas a bhain le pá agus leithdháileadh €2.7m ar chaiteachas neamhphá. Tá an Cuntas Leithreasa do Vóta 19 ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**Rialachas**

I mí Aibreáin 2016, d'fhoilsigh an Oifig an chéad Chreat Rialachais Chorparáidigh uaidh ar aon dul leis an gCaighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís. Tá an Creat mar fhianaise ar thiomantas na hOifige do struchtúir, do phróisis agus do chórais den dea-chleachtas a thacaíonn le feidhmiú rathúil a dualgas ar bhealach eiticiúil, cuntasach, trédhearcach agus éifeachtach. Trí shocruithe rialachais a dhoiciméadú, is féidir lenár ngeallsealbhóirí a bheith cinnte go bhfuil beartais agus cleachtais dea-rialachais fite fuaite i gcultúr na hOifige. Creidimid go bhfuil dea-rialachas corparáideach ríthábhachtach chun tacú le comhlíonadh thosaíochtaí straitéiseacha na hOifige. Tá an doiciméad foilsithe ar gach ceann dár suíomhanna Gréasáin agus tugtar sonraí ann faoin dóigh a n-oibrímid.

**Bainistíocht Riosca**

Chuir an Oifig athbhreithniú iomlán ar a cur chuige i leith Bainistíocht Riosca i gcrích sa bhliain 2016, agus é ag féachaint ar gach ceann dá cuid próiseas. D'éascaigh cuideachta iniúchóireachta neamhspleách an obair sin. Cuireadh feabhas eile ar chóras rátála ár gCláir Rioscaí sa bhliain agus tá Beartas athbhreithnithe Bainistíochta Riosca ag gabháil leis anois.

Déanann an tArd-Stiúrthóir agus an Fhoireann Bhainistíochta athbhreithniú ar an gClár Rioscaí ar bhonn ráithiúil, agus iad ag féachaint ar an mbealach is fearr chun rioscaí reatha nó féideartha a mhaolú nó chun an chuid is fearr a bhaint as aon deiseanna atá ann ina leith sin. Cumasaíonn sé sin don Oifig (agus do gach feidhm reachtúil) freagairt go héifeachtach d'athruithe inár dtimpeallacht ghnó agus inár dtimpeallacht sheachtrach araon.

**An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca**

Tacaíonn ár gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca (Cairt an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca) leis an gcreat Bainistíochta Riosca agus leis an bhfeidhm Rialachais. Is é an tOifigeach Cuntasaíochta a cheapann na comhaltaí den Choiste, atá comhdhéanta díobh seo a leanas: Cathaoirleach Neamhspleách, oifigeach amháin ón Oifig (comhalta den Fhoireann Bhainistíochta) agus beirt ionadaithe seachtracha.

Tá na comhaltaí leagtha amach thíos, mar aon leis na táillí iomlána a íocadh leo i leith freastal ar chruinnithe le linn na bliana 2016. Tá na híocaíochtaí ag teacht leo sin arna gceadú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

| **Comhalta** | **Táille** |
|---|---|
| Martina Moloney Uas. (Cathaoirleach) | €1609.56 (an bhliain iomlán) |
| Melanie Pine Uas. | €1131.16 (an bhliain iomlán) |
| An Dr Thomas Frawley | €565.58 (a ceapadh an 19 Meán Fómhair 2016) |
| Orla Twomey Uas. | €282.79 (a d'éirigh as an 27 Meitheamh 2016 de bharr ceangaltais eile) |
| An tUas. David Nutley (oifigeach ón Oifig) | N/B |

Thionóil an Coiste Iniúchóireachta ceithre chruinniú le linn na bliana 2016, ar freastalaíodh orthu mar seo a leanas:

- 2 Márta - Martina Moloney, David Nutley, Melanie Pine
- 27 Meitheamh - Martina Moloney, Melanie Pine, Orla Twomey, David Nutley
- 26 Meán Fómhair - Martina Moloney, Melanie Pine, Tom Frawley, David Nutley
- 7 Nollaig - Martina Moloney, Melanie Pine, Tom Frawley, David Nutley

**Iniúchóireacht Inmheánach**

Is é ról an Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí dearbhú a thabhairt don Ard-Stiúrthóir (an tOifigeach Cuntasaíochta) ar a leordhóthanaí agus ar a éifeachtaí atá an córas rialuithe inmheánacha, an córas bainistíochta riosca agus na socruithe rialachais atá ar bun san Oifig. Baineann an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí leas as cur chuige rioscabhunaithe i leith iniúchtaí a phleanáil. Tuairiscíonn sí a cuid fionnachtana don Ard-Stiúrthóir agus don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Tugann an tAonad faoina chuid oibre de réir na gCaighdeán Náisiúnta um Chleachtadh Gairmiúil Iniúchóireachta Inmheánaí (na Caighdeáin ó Institiúid na nIniúchóirí Inmheánacha), de réir treoirlínte ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus de réir an Chaighdeáin Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís (Nollaig 2015). Rinneadh iniúchtaí orthu seo a leanas sa bhliain 2016: Cárta Creidmheasa na hOifige, Cosaint Sonraí, aistriú an Ionaid Seirbhísí Comhroinnte Acmhainní Daonna, agus Nósanna Imeachta na hOifige.

**Teagmhais Riosca / Calaois / Sceithireacht / Tuairiscí Cosanta Sonraí / Nochtadh Cosanta**

Ní bhfuarthas aon tuairiscí ná aon nochtadh le linn na bliana 2016.

**An Scéim Foilsitheoireachta Saorála Faisnéise**

Tháinig an Scéim Foilsitheoireachta Saorála Faisnéise i bhfeidhm sa bhliain 2016. Is é an aidhm atá léi an soláthar faisnéise a éascú a mhéid is féidir, seachas faisnéis a mheastar a bheith díolmhaithe faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Tugtar sonraí sa Scéim faoin ról atá ag an oifig lena mbaineann, faoi na cineálacha taifead atá á sealbhú agus faoi phríomhdhoiciméid chorparáideacha, mar aon le faisnéis faoin soláthar foirne agus faoi scálaí luach saothair ghráid bhainistíochta na hoifige. Rinne gach ceann de na ceithre oifig scéim foilsitheoireachta a ullmhú. Tá na doiciméid sin ar fáil sa rannán 'Maidir Linne' de na suíomhanna Gréasáin lena mbaineann.

**Ráiteas Straitéise 2016-2018**

D'fhoilsigh Oifig an Ombudsman agus Oifig an Choimisinéara Faisnéise Ráiteas Straitéise athbhreithnithe sa bhliain 2016. Sainaithníodh trí chuspóir ardleibhéil ann mar nithe príomhúla a bhrúfaidh baint amach a bhfíse chun cinn. Tá siad mar seo a leanas:

- Brúfaimid feabhsuithe sa mhórsheirbhís phoiblí chun cinn
- Soláthróimid seirbhís atá dírithe ar chustaiméirí a léiríonn ár mbunluachanna
- Déanfaimid ár gcreataí bainistíochta agus riaracháin a fheabhsú agus a fhorbairt d'fhonn tacú leis na cuspóirí atá againn feabhas a chur ar an mórsheirbhís phoiblí agus seirbhís shármhaith atá dírithe ar an gcustaiméir a sholáthar

Tá plean straitéiseach ar leith ann don Choimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí. Cé nach mbaineann an plean seo ach amháin le hOifig an Ombudsman agus le hOifig an Choimisinéara Faisnéise (a chuimsíonn Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil), is léir gurb ábhartha don fhoireann ar fad atá cuid mhór gnéithe den phlean seo, mar gheall ar an gcomhroinnt foirne ar fud na gceithre Oifig de réir na riachtanas agus na dtosaíochtaí atá ag gach ceann díobh. Chomh maith leis sin, sainaithníodh sa doiciméad na luachanna eagraíochta a leagann amach na cáilíochtaí atáthar ag súil go dtaispeánfaidh foireann na hOifige seo nuair atá siad ag comhlíonadh a gcuid dualgas. Is iad seo na luachanna sin: Cothroime, Neamhspleáchas, Nuálaíocht, Díriú ar Chustaiméirí agus Ionbhá. Chuir coiste tiomnaithe ball foirne ag gach grád Luachanna Eagraíochta na hOifige chun cinn ar fud na heagraíochta.

**Acmhainní Daonna**

Bhí 112.6 ball foirne san iomlán ag an Oifig amhail an 31 Nollaig 2016:

| | |
|---|---|
| • An tOmbudsman / an Coimisinéir Faisnéise | 1 |
| • Ard-Stiúrthóir | 1 |
| • Oifig an Ombudsman | 44 |
| • Oifig an Choimisinéara Faisnéise / Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil | 26.6 |
| • An fheidhm Seirbhísí Comhroinnte | 22.3 |
| • An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí | 13.4 |
| • An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí | 4.3 |

**An tAcht um Míchumas 2005**

An tOifigeach Rochtana

De réir alt 26(2) den Acht um Míchumas 2005, cheap Oifig an Ombudsman "oifigeach rochtana". Tá freagracht ar an oifigeach rochtana as cúnamh agus treoir a shocrú agus a chomhordú do dhaoine faoi mhíchumas atá ag iarraidh rochtain a fháil ar ár seirbhísí. Fuair an t-oifigeach rochtana trí iarraidh sa bhliain 2016. Bhain dhá cheann de na hiarrataí sin le cúnamh le haghaidh cumarsáid a dhéanamh leis an Oifig. Bhain ceann amháin le cuardach a dhéanamh ar ár suíomh Gréasáin.

Fostaithe

Faoi Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005, tá ceangal ar chomhlachtaí earnála poiblí tuairisc a thabhairt ar an líon fostaithe faoi mhíchumas. Sa bhliain 2016, reáchtálamar áireamh foirne féintuairiscithe. Léiríodh ann go bhfuilimid ag sárú an íosfhigiúir 3% atá i bhfeidhm maidir le daoine faoi mhíchumas a fhostú.

**Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh sa bhliain 2016**

Baintear úsáid as fuinneamh inár bhfoirgnimh oifige le haghaidh teasa, aerchóirithe, uisce te, soilse agus trealamh oifige. Is é Oifig na nOibreacha Poiblí a thomhaiseann é. Sa bhliain 2016, d'úsáid na hOifigí 893,815 kWh d'fhuinneamh i dteannta a chéile, dá raibh:

• 688,210 kWh de leictreachas

• 205,605 kWh de bhreoslaí iontaise

Tugann an Oifig spreagadh gníomhach don fhoireann fuinneamh a choigilt trí bhearta simplí éifeachtúla a dhéanamh amhail na staighrí a úsáid in ionad ardaitheoirí agus a chinntiú go bhfuil ríomhairí pearsanta agus soilse curtha as nuair nach bhfuil siad á n-úsáid. Tugadh boscaí bruscair lárnacha athchúrsála isteach sa bhliain 2016. Leis na boscaí bruscair sin, is féidir an dramhaíl a scaradh, rud a thacaíonn leis an Oifig a cuspóirí comhshaoil a bhaint amach.

**Ceisteanna Parlaiminte**

Dhéileáil an Oifig le 24 cheist parlaiminte sa bhliain 2016. Bhain siad le topaicí éagsúla.

**An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014**

Leanann an Oifig lena dualgais a chomhlíonadh maidir le freagra a thabhairt ar iarrataí Saorála Faisnéise. Fuair na hOifigí 45 iarraidh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise sa bhliain 2016. Tá siad miondealaithe mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí | 16 |
| Oifig an Ombudsman | 15 |
| An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí | 11 |
| Oifig an Choimisinéara Faisnéise/Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil | 3 |

**Na hAchtanna um Chosaint Sonraí**

Sa bhliain 2016, fuair Oifig an Ombudsman sé iarraidh rochtana faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Fuair an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí iarraidh amháin, rud a tarraingíodh siar ina dhiaidh sin. Ní bhfuair na hoifigí eile aon iarrataí.

**Na Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol**

Fuair Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil trí iarraidh faoi na Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol sa bhliain 2016. Ní bhfuair na hoifigí eile aon iarrataí.

**Na Rialacháin um Fhaisnéis Earnála Poiblí a Athúsáid**

Fuair an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí iarraidh amháin faoi na Rialacháin. Ní bhfuair na hoifigí eile aon iarrataí.